C/2026/194

6.1.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12259 — GIM / MGX / ALIGNED)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/194)

1. An 11 Nollaig 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Global Infrastructure Management, LLC ('GIM', na Stáit Aontaithe), faoi rialú BlackRock, Inc. (na Stáit Aontaithe)

— MGX Fund Management Limited ('MGX', na Stáit Aontaithe), faoi rialú Mubadala Investment Company (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha) agus Group 42 holding Ltd, (Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha)

— Aligned Data Centers, LLC, Aligned Data Centers REIT, LLC, ADC International Latam Investor GIP, Inc. agus ADC International Latam Investor, LP (dá ngairtear 'Aligned' i dteannta a chéile, na Stáit Aontaithe), controlled by Macquarie Asset Management (an Astráil).

Gheobhaidh GIM agus MGX rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Aligned ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir cistí bonneagair neamhspleách domhanda é GIM a bhfuil a cheanncheathrú i Nua-Eabhrac, na Stáit Aontaithe. Infheistíonn na cistí atá faoi bhainistiú GIP in infheistíochtaí gnáthscaireanna agus in infheistíochtaí a bhaineann le gnáthscaireanna i mbonneagar agus i sócmhainní a bhaineann le bonneagar in earnálacha an iompair, an fhuinnimh, agus an uisce, agus in earnálacha seirbhísí poiblí eile,

— Is cuideachta infheistíochta teicneolaíochta é MGX atá dírithe ar dhlús a chur le forbairt agus glacadh na hintleachta saorga (IS) agus ardteicneolaíochtaí trí chomhpháirtíochtaí ceannródaíocha domhanda in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus ar fud an domhain. Infheistíonn MGX in earnálacha inar féidir le IS luach agus tionchar eacnamaíoch a sholáthar ar scála, amhail bonneagar; leathsheoltóirí; agus croítheicneolaíochtaí agus feidhmchláir IS.

— Is soláthraí bonneagair dhigitigh inbhuanaithe agus oiriúnaithigh é Aligned. Tá maoin lárionaid sonraí iltionóntuithe d'aicme fiontair faoi úinéireacht Aligned, agus déanann sé iad a oibriú agus a fhorbairt. Díríonn a ghnó ar bhonneagar sonraí, spás inscálaithe, cumhacht agus fuarú a chur ar fáil, de réir amlínte cur in úsáid tapa agus béim á leagan ar inbhuanaitheacht agus ar éifeachtúlacht fuinnimh. Freastalaíonn Aligned ar chustaiméirí néalríomhaireachta, hipearscála agus fiontair sna Stáit Aontaithe agus i Meiriceá Laidineach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12259 — GIM / MGX / ALIGNED

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË